

Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide
An Stiúrthóireacht um na hOifigí Idirchaidrimh

Ráiteas Rúndachta

Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 (dá ngairtear ‘an Rialachán’ anseo feasta) maidir leis an bpróiseáil a dhéanann Parlaimint na hEorpa ar shonraí pearsanta.

De thoradh Airteagal 15 agus Airteagal 16 den Rialachán, soláthraíonn Parlaimint na hEorpa an fhaisnéis seo a leanas do na hábhair sonraí:

- Is é an rialaitheoir ná Parlaimint na hEorpa
Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide
An Stiúrthóireacht um na hOifigí Idirchaidrimh
Is é an duine atá ainmnithe mar an té atá i bhfeighil na hoibríochta próiseála ná: Stephen CLARK Ríomhphost: patronage@ep.europa.eu
- Is é cuspóir na próiseála ná chun pátrúnacht PE a bhainistiú.
- Is iad na sonraí pearsanta a úsáidfear le haghaidh na hoibríochta próiseála ná:
 - Sloinne
 - Céadainm
 - Seoladh poist
 - Uimhir theileafóin
 - Ríomhphost
- Is í Uachtaránacht Pharlaimint na hEorpa a gheobhaidh na sonraí.
- Tá sé de cheart ag ábhair sonraí, trí dhul i dteagmháil leis an duine atá ainmnithe mar an té atá i bhfeighil na hoibríochta próiseála, na sonraí a bhaineann leo a rochtain, a cheartú agus a scriosadh.
- Mura mian leat scéala a fháil a thuilleadh faoi imeachtaí atá á n-eagrú ag Parlaimint na hEorpa, is féidir scríobh am ar bith chuig an [Oifig Idirchaidrimh i do thír chónaithe](#).
- Is é an bunús dlí atá leis an oibríocht phróiseála ná Cinneadh PE 422.553/BUR ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa.
- Is í an teorainn ama chun sonraí a stóráil ná 5 bliana tar éis iarratas a fháil.
- Is féidir leat do thoiliú a tharraingt siar am ar bith (gan difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht na próiseála sonraí atá bunaithe ar thoiliú roimh ré) agus do cheart a fheidmiú maidir le sonraí a bhaineann leat a rochtain, a cheartú, nó a scrios, srian a chur le próiseáil na sonraí sin nó cur ina haghaidh trí dhul i dteagmháil leis an bpróiseálaí sonraí patronage@ep.europa.eu. Chomh maith leis sin, is féidir leat dul i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí i bParlaimint na hEorpa data-protection@ep.europa.eu agus gearán a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) edps@edps.europa.eu